- Gach bliain comhraiceann an tSeirbhís Dóiteáin tinte ar fheirmeacha, ar tinte iad i sciobóil féir den chuid is mó. Is de thoradh ar phróisis nádúrtha, míchúram nó coirloscadh den chuid is mó a thosaíonn tinte i sciobóil féir. Is féidir le gach saghas gnó, is cuma cé chomh dea eagraithe is atá sé, deacrachtaí airgeadais a bheith aige de bharr tinte móra.

- Bíonn baol ar leith coirloiscthe ann ar fheirmeacha lena suíomh iargúlta, a dteorainneacha oscailte, agus an féar agus an cochán so adhainte. Cé gur deacair ionsaithe coirloiscthe ar fheirmeacha agus gabháltais bheaga a sheachaint go hiomlán, is féidir roinnt réamhchúramaí a ghlacadh chun an baol ionsaithe a laghdú.

- Is féidir le bun toitín lasta a chaitear ó fheithicil agus í ag dul thar bráid páirceanna iomlána de bharra ar a gcois a scriosadh, agus má fhágtar buidéil ghloine ina luí ar thalamh féaraigh nó i gcoillearnacha, is féidir le tinte ollmhóra tosú.

- Ba chóir féar agus cochán a thógáil amach as páirceanna a luaithe is féidir tar éis iad a bhaint.

fire safety
Be on your guard

Le linn Féar agus Cochán a stóráil

- ✔ Stóráil iad ar leithligh ó fhoirgnimh eile, go háirithe iad siúd ina bhfuil breoslaí, agraiceimiceáin agus innealra.
- ✔ Stóráil iad i stácaí de mhéid réasúnach.
- ✔ Stóráil iad ar leithligh ó thithíocht beostoic más féidir, bíodh plean agat i gcónaí chun beostoc a aistriú amach.
- ✔ Ba chóir peitreal, díosal agus breoslaí eile a stóráil in áiteanna slána; ba chóir glas fraincín a chur ar asraonta umair stórála.
- ✔ Ba chóir leasacháin agus lotnaidicídí a chur faoi ghlas in áit shlán.
- ✔ Ba chóir dramhaíl a dhiúscairt go sábháilte agus go rialta.
- ✔ Ba chóir iarraidh ar dhuine inniúil aon sreangra leictreach a sheiceáil go minic chun róthéamh nó stuáil nasc i sciobóil féir a sheachaint.
- ✔ Níor cheart go mbeadh fálta leictreacha cóngarach don áit a stóráiltear féar/cochán ar eagla go dtarlódh stuáil nuair a thadhlaíonn sreanga rudaí.
- ✔ Ná húsáid innealra i sciobóil féir nó cóngarach dóibh mar is féidir le splancacha sceithphíopa dul isteach san fhodar stóráilte.

Cuimhnigh:

- Cothaigh trealamh comhraicthe dóiteáin agus seiceáil go bhfuil sé in ord.
- Ullmhaigh gnáthamh tine agus plean gníomhaíochta, cinntigh go bhfuil an nós imeachta ar eolas ag gach oibrí feirme.
- Cabhair ollmhór don Bhriogáid Dóiteáin is ea eolas ag foireann na feirme ar rochtain ar sholáthairtí uisce sa cheantar máguaird.